**Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú**

►B

# CINNEADH (CBES) 2020/1465 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Deireadh Fómhair 2020**

**maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin**

(IO L 335, 13.10.2020, lch. 13)

Arna leasú le:

| | | Iris Oifigiúil | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimh | Leathanach | Dáta |
| ►M1 | Cinneadh (CBES) 2021/1991 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 | L 405 | 12 | 16.11.2021 |

▼B

**CINNEADH (CBES) 2020/1465 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Deireadh Fómhair 2020**

**maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin**

*Airteagal 1*

1. Déanfaidh an tAontas a thacaíocht do UNVIM a athnuachan chun a shainordú a chur chun feidhme mar a leagtar amach i Rúin ábhartha ó CSNA, go háirithe Rúin 2216 (2015) agus 2451 (2018) ó CSNA. Beidh sé de chuspóirí foriomlána ag an tacaíocht sin rannchuidiú leis an saor-shreabhadh earraí tráchtála gan bhac chuig Éimin a athbhunú, trí phróiseas imréitigh trédhearcach éifeachtach a chur ar fáil i gcás lastais tráchtála arb é calafoirt in Éimin nach bhfuil faoi rialú Rialtas Éimin a gceann scríbe, agus ról UNVIM i gcur chun feidhme fhorálacha Chomhaontú Stócólm a fheabhsú.

2. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an tionscadail seo:

— an sreabhadh lasta tráchtála chuig Éimin a mhéadú trí thuilleadh dlúis a chur leis an bpróiseas imréitigh do lastais tráchtála agus muinín cuideachtaí loingseoireachta a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht chalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa don loingseoireacht tráchtála,

— feabhas a chur ar chumas UNVIM imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa mar a leagtar amach i gComhaontú Stócólm agus sna Rúin ábhartha ó CSNA.

▼M1

3. Leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tAontas tacaíocht d’Oifig Thoscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe le haghaidh Éimin agus UNMHA i dtaca le UNVIM a imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa agus in áiteanna eile i dtíortha comharsanachta Éimin, de réir mar is gá chun UNMHA a chur chun feidhme. Chun na críche sin, rannchuideoidh an tAontas leis na costais a bhaineann le UNVIM a atreisiú, agus ar an gcaoi sin cuideoidh sé le freagairt do riachtanais mhuintir Éimin mar chuid de straitéis dhaonnúil níos leithne.

---

▼B

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (“an tArdionadaí”) freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de chúram ar UNOPS. Is faoi fhreagracht an Ardrúnaí a chuirfidh sé an cúram sin i gcrích. Chun na críche sin, rachaidh an tArdionadaí i mbun na socruithe is gá le UNOPS.

▼B

*Airteagal 3*

▼M1

1. Is é EUR 2 059 838 a bheidh sna méideanna tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme **don tréimhse ón** 1 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 28 Feabhra 2022 agus is é EUR 2 200 000 a bheidh i gceist don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú ar an méid tagartha seo faoin 1 Márta 2022 bunaithe, *inter alia*, ar an ráta ionsúcháin agus ar mheasúnú ar riachtanais ón gCoimisiún

▼B

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid a leagtar amach i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú ranníocaíochta i gcrích le UNOPS. Leagfar síos sa chomhaontú ranníocaíochta go bhfuil UNOPS chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú.

4. Féachfaidh an Coimisiún leis an gcomhaontú ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis ghlacadh an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a dtabharfar an comhaontú ranníocaíochta sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag UNVIM, lena n-áirítear tuarascálacha ar chruinnithe míosúla Choiste Stiúrtha UNVIM. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tabharfaidh an Coimisiún faisnéis don Chomhairle faoi na gnéithe airgeadais de chur chun feidhme an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

▼M1

Rachaidh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2022.